



Droichead - Eolas ar Am Scaoilte

Cuirtear am scaoilte, le clúdach ó ionadaí, ar fáil le linn ionduchtú scoilbhunaithe sna scoileanna ina bhfuil próiseas Droichead ar bun. **Ní gá** do na scoileanna cur isteach ar an am scaoilte seo.

Bunscoileanna

Líon na múinteoirí nuacháilithe atá ag gabháil leis an bpróiseas Droichead	Am scaoilte scoile atá ar fáil do na scoileanna i ngach bliain acadúil (Laethanta)
0	0
1	4
2-4	5
5-6	6
7+	7

Iar-bhunscoileanna

Líon na múinteoirí nuacháilithe atá ag gabháil leis an bpróiseas Droichead	Am scaoilte scoile atá ar fáil do na scoileanna i ngach bliain acadúil (Uaireanta an chloig)
1-2	22
3-4	28
5-6	34
7	40
8+	44

Féadfaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon suas le 10 gcinn d'uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid, le cead na bainistíochta roimh ré, ar mhaithe le hionduchtú. Féach ciorclán 0043/2014 leathanach 3, alt 5 (iar-bhunscoil) agus ciorclán 0042/2016 leathanach 3, alt 6 (bunscoil).

Beidh an rogha ag iar-bhunscoileanna na huaireanta a éileamh trí **shamhail leithdháilte, uaireanta ionaid nó meascán den dá chóras**. Faoi gach scoil aonair a bheidh sé a chinneadh cén tsamhail a úsáidfí siad agus conas a leithdháilfear na huaireanta ar Fhoirne Tacaíochta Gairmiúla agus ar MNCanna.

Chun leas a bhaint as an tsamhail leithdháilte, ní mór don Phríomhoide foirm ar líne a chur isteach chuig an Rannán Ionduchtúcháin Droichead ar a mbeidh ainm agus uimhir rolla na scoile, ainmneacha MNCanna agus uimhreacha cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus deimhniú ón bpríomhoide go bhfuil Droichead ar siúl sa scoil. Gheofar an fhoirm iarratais ach ríomhphost a chur chuig angiegrogan@oide.ie. Leithdháilfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna uaireanta an chloig faoin gcóras leithdháilte ar na scoileanna. Féadfaidh scoileanna iarratas a chur isteach chuig an Rannán Ionduchtúcháin Droichead chun leas a bhaint as an tsamhail leithdháilte uair ar bith le linn na scoilbhliana ón uair a thosaíonn MNC amháin nó níos mó ar Droichead.

Nó, is féidir le scoileanna na huaireanta an chloig a éileamh mar am d'ionadaí ar an gcóras OLCS/ETB.

Nótaí:

I gcás **ina bhfostaíonn scoil MNCanna de bhreis ar an líon a ndearnadh éileamh maidir leo faoin tsamhail leithdháilte**, is féidir na huaireanta an chloig breise a éileamh trí iarratas nua a chur isteach faoin gcóras leithdháilte nó na huaireanta breise a éileamh faoin scéim ionadaíochta ar an gcóras OLCS/ETB.

Éileamh ar chlúdach ionadaí chun am scaoilte a chlúdach

Ní mór do na scoileanna sa dá earnáil thuas clúdach ionadaí a éileamh ar an gcóras OLCS. Chuige sin, gabh chuig an táb Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/Gníomhaíochtaí Gairmiúla. Sa táb seo, roghnaigh FGL/Ionduchtú scoilbhunaithe ón roghchlár anuas. Féach Fíor 1 thíos. Má bhíonn deacrachtaí ag scoileanna, ba cheart tacaíocht a fháil ón gcóras OLCS agus teagmháil a dhéanamh le onlineclaims@education.gov.ie nó 090 6483779 nó 090 6484185.



Ba chóir do **Scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna** clúdach ionadaí agus íocaíocht d'ionadaithe a shocrú ar an ngnáthshlí trí cheannoifig a mbord oideachais agus oiliúna.

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh scoileanna taifead de na laethanta agus de na huaireanta a fad a éilítear. Is féidir go ngearrfar costas an chlúdaigh ionadaíochta ar scoileanna má sháraítear an méid am scaoilte a thógtar an méid atá ceadaithe.

Am scaoilte faoin lánrogha

Is féidir go mbronnfar am scaoilte breise ar scoil i gcásanna eisceachtúla. Chun am faoi lánrogha a iarraidh, ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Rannán Ionduchtúcháin Droichead ag droicheadinduction@oide.ie.

The screenshot shows the 'Add Leave Record' form in the OLCS system. The form is for School Roll No. 175091, BESSÉD O'LEVERN S. It includes fields for Start Date, End Date, Staff Member, Leave Category, and Leave Sub-category. Callouts point to specific fields:

- Release time date:** Points to the Start Date field.
- The staff member in whose name the release day will be claimed:** Points to the Staff Member dropdown menu.
- Leave category: Continuing Professional Development/ Professional Activities:** Points to the Leave Category dropdown menu.
- Leave Sub-category: Teacher Induction – Oide CPD:** Points to the Leave Sub-category dropdown menu.

Fíor 1: OLCS (An Roinn Oideachais)